



Éisteacht shollúnta na Cúirte Breithiúnais

Preasráiteas Uimh. 140/26

Lucsamburg, 7 Deireadh Fómhair 2026

Dul i mbun oifige Chláraitheoir nua na Cúirte Breithiúnais

I ndiaidh éirí as Alfredo Calot Escobar, a bhí ina Chláraitheoir ar an gCúirt ón 6 Deireadh Fómhair 2010, thogh na Breithiúna agus na hAbhcóidí Ginearálta Vittorio Di Bucci ina Chláraitheoir ar an gCúirt an 8 Meán Fómhair 2026 do théarma sé bliana, a bheidh i bhfeidhm ón 8 Deireadh Fómhair 2026 go dtí an 7 Deireadh Fómhair 2032.

Tionólfar éisteacht shollúnta inniu ag suíomh Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh chun glacadh mionna agus dul i mbun oifige Vittorio Di Bucci a chomóradh.

Craolfar an éisteacht shollúnta beo ó 18:00 ar an suíomh gréasáin seo a leanas: [Sruthú- Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh – CURIA](#).

Vittorio Di Bucci

Rugadh an tUasal Di Bucci in 1963 in Asti (an Iodáil) agus rinne sé staidéar ar an dlí in Università degli Studi di Torino (Ollscoil Torino, an Iodáil), mar ar bronnadh céim sa dlí air in 1986. Lean sé lena staidéar in université de Nancy II (Ollscoil Nancy, an Fhrainc) mar a bhfuair sé céim iarchéime i nDlí an Chomhphobail in 1988.

In 1987, thosaigh an tUasal Di Bucci ag obair leis an gCúirt Bhreithiúnais mar dhlítheangeolaí in Aonad Aistriúcháin na hIodáilise. In 1988, d'earcaigh an Breitheamh G. Federico Mancini é i gcáil rúnaí dlí ina oifig, post a bhí aige go dtí 1991. Bhí sé ina rúnaí dlí arís leis an mBreitheamh Mancini idir 1994 agus 2000.

Idir 1991 agus 1994, bhí an tUasal Di Bucci ina chomhalta den fhoireann “Iompar, Comhshaol agus Tomhaltóirí” i Seirbhís Dlí an Choimisiúin Eorpaigh, Institiúid inar ndeachaigh sé ag obair arís in 2000 mar chomhalta den fhoireann “Státchabhair agus Dumpáil” ina Sheirbhís Dlí. Idir 2007 agus 2010, bhí sé ina chomhalta agus ansin ina chomhairleoir dlí ar an bhfoireann “Iomaíocht”. In 2010, ceapadh é mar Phríomh-Chomhairleoir Dlí ar an bhfoireann “Státchabhair agus Dumpáil” agus bhí an post céanna aige san fhoireann “Dlí Tráchtála” ó 2014 go 2023.

An 5 Meitheamh 2023, toghadh an tUasal Di Bucci ina Chláraitheoir don Chúirt Ghinearálta, post a bhí aige go dtí an 7 Deireadh Fómhair 2026.

Is údar é d'fhoilseacháin ar dhlí an Aontais, go háirithe ar imeachtaí os comhair Chúirteanna an Aontais, ar chúrsaí Státchabhrach agus ar Dhlí Baincéireachta an Aontais.

Doiciméad neamhoifigiúil le húsáid ag na meáin, nach bhfuil ina cheangal ar an gCúirt Bhreithiúnais.

Teagmhálaí preasa: Jacques Zammit ☎ (+352) 4303 3355.

Fanaigí i dteagmháil linn!

